**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0321/2023**

30.10.2023

# TUARASCÁIL

ar an gcaoi chun straitéis nuálach maidir le cabhair dhaonnúil a fhorbairt: aird a tharraingt ar ghéarchéimeanna reatha agus ar ghéarchéimeanna atá ligthe i ndearmad
(2023/2000(INI))

An Coiste um Fhorbairt

Rapóirtéir: Carlos Zorrinho

PR_INI

## CLÁR

**Leathanach**


TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................................................................................19

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................21

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........22

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an gcaoi chun straitéis nuálach maidir le cabhair dhaonnúil a fhorbairt: aird a tharraingt ar ghéarchéimeanna reatha agus ar ghéarchéimeanna atá ligthe i ndearmad (2023/2000(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 208 agus d'Airteagal 214 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle[2],

– ag féachaint do Chinneadh 2003/335/CGB ón gComhairle an 8 Bealtaine 2003 maidir le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh a imscrúdú agus a ionchúiseamh[3],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/720 ón gComhairle an 31 Márta 2023 lena leasaítear Rialacháin áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le díolúine dhaonnúil a chur isteach[4] agus do Chinneadh (CBES) 2023/726 ón gComhairle an 31 Márta 2023 lena leasaítear Cinntí áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le díolúine dhaonnúil a chur isteach[5],

– ag féachaint don Ráiteas Comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún Eorpach i dtaca leis an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil, arna fhoilsiú san Iris Oifigiúil an 30 Eanáir 2008[6],

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD), go háirithe Airteagal 11 maidir le cásanna riosca agus éigeandálaí daonnúla agus Airteagail 4.3 agus 33.3 maidir le comhairliúchán le daoine faoi mhíchumas, trína

---

[1] IO L 163, 2.7.1996, lch. 1.
[2] IO L 209, 14.6.2021, lch. 1.
[3] IO L 118, 14.5.2003, lch. 12.
[4] IO L 94, 3.4.2023, lch. 1.
[5] IO L 94, 3.4.2023, lch. 48.
[6] IO C 25, 30.1.2008, lch. 1.

n-eagraíochtaí ionadaíocha, i bhforbairt, i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán na reachtaíochta agus beartas, agus do Phrótacal Roghnach ó mhí na Nollag 2006 a ghabhann leis, arna dhaingniú ag AE i mí na Nollag 2010,

– ag féachaint do na treoirlínte ó Bhuanchoiste Idirghníomhaireachta na Náisiún Aontaithe ó mhí Iúil 2019 maidir le daoine faoi mhíchumas a áireamh i ngníomhaíocht dhaonnúil,

– ag féachaint do Rún 2475 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le daoine faoi mhíchumas a chosaint i gcoinbhleacht armtha,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 dar teideal *Union of Equality: Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030* [An tAontas Comhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030] (COM(2021)0101) agus don treoir oibríochtúil maidir le daoine faoi mhíchumas a áireamh in oibríochtaí cabhrach daonnúla d'Ard-Stiúrthóireacht na Cosanta Sibhialta Eorpaí agus na nOibríochtaí Eorpacha um Chabhair Dhaonnúil (DG ECHO) den Choimisiún, ar oibríochtaí iad arna maoiniú ag an Aontas,

– ag féachaint do Chomhpháirtíocht Dhaonnúil 2021-2027 de AE agus don sprioc atá aici éifeachtacht agus éifeachtúlacht na cabhrach daonnúla a fheabhsú,

– ag féachaint do theachtaireacht ó UNICEF i mí Iúil 2021 dar teideal *Financing an inclusive recovery for children: A call to action* [Téarnamh cuimsitheach a mhaoiniú do leanaí: Glao chun gníomhaíochta],

– ag féachaint do theachtaireacht ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Afraic an 21 Nollaig 2022 dar teideal *Special drawing rights must be relocated to avail sustainable financing for Africa* [Ní mór cearta tarraingthe speisialta a athshocrú chun fónamh do mhaoiniú inbhuanaithe don Afraic],

– ag féachaint do theachtaireacht ó Ghrúpa an Bhainc Afracaigh um Fhorbairt an 15 Aibreán 2022 dar teideal *Special drawing rights and reallocating for low income countries* [Cearta tarraingthe speisialta agus ath-leithdháileadh le haghaidh tíortha ísealioncaim],

– ag féachaint do theachtaireacht an 10 Márta 2021 ón gCoimisiún maidir le gníomhaíocht dhaonnúil AE: dúshláin nua, na prionsabail chéanna (COM(2021)0110) agus do chonclúidí ón gComhairle ina dhiaidh sin an 20 Bealtaine 2021,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 22 Bealtaine 2023 maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbearna sa chistiú daonnúil,

– ag féachaint do Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le díolúine dhaonnúil i ndáil le bearta um reo sócmhainní arna bhforchur ag Córas Smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe,

– ag féachaint do thuarascáil ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe an 21 Meitheamh 2023 dar teideal *A threat to lives, dignity and hope: The implications of underfunding UNHCR's activities in 2023* [Bagairt ar bheatha, dínit

agus dóchas: Na himpleachtaí a bhaineann le tearcmhaoiniú ghníomhaíochtaí UNHCR in 2023],

– ag féachaint do Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le comhlíonadh an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn[7],

– ag féachaint don Cheathrú Coinbhinsiún de Choinbhinsiún na Ginéive maidir le Cosaint Daoine Sibhialta in aimsir Chogaidh an 12 Lúnasa 1949,

– ag féachaint do Rún 2286 (2016) an 3 Bealtaine 2016 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le cosaint an lucht créachtaithe agus an lucht breoite, pearsanra liachta agus pearsanra dhaonnúil le linn coinbhleacht armtha,

– ag féachaint do thuarascáil ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe an 23 Lúnasa 2016 ar thoradh an Chruinnithe Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla agus na gealltanais a thug na rannpháirtithe ag an gcruinniú mullaigh sin,

– ag féachaint do chomhaontú an Mhargaidh Mhóir a síníodh an 23 Bealtaine 2016, do na tuarascálacha neamhspleácha bliantúla maidir leis, go háirithe tuarascáil 2021, agus do chreat Mhargadh Mór 2.0 agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis a tíolacadh ag cruinniú bliantúil an Mhargaidh Mhóir an 15-17 Meitheamh 2021, agus do ghealltanais athnuaite a rinneadh ag cruinniú bliantúil an Mhargaidh Mhóir an 19-20 Meitheamh 2023,

– ag féachaint do thuarascáil ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe ó mhí Iúil 2021 maidir le maoiniú solúbtha a úsáid in 2020, agus na nuashonruithe uirthi,

– ag féachaint do Chreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015-2030 a glacadh an 18 Márta 2015 ag an tríú Comhdháil Dhomhanda de na Náisiúin Aontaithe maidir le Laghdú Rioscaí Tubaistí in Sendai, sa Seapáin, do thorthaí sheisiúin an Ardáin Dhomhanda um Laghdú Rioscaí Tubaistí a tionóladh i gCancún, Meicsiceo, in 2017 agus sa Ghinéiv, san Eilvéis, in 2019, agus do Thuarascáil 2023 ar an Athbhreithniú Meántéarma ar Chur Chun Feidhme Chreat Sendai,

– ag féachaint do Mholadh ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2023 maidir le spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí[8],

– ag féachaint don Chairt um an Aeráid agus Comhshaoil d'Eagraíochtaí Daonnúla agus don dearbhú ó dheontóirí cabhrach daonnúla maidir leis an aeráid agus an comhshaol ó mhí an Mhárta 2022,

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna),

– ag féachaint do Thuarascáil 2022 um Chúnamh Daonnúil Domhanda ón eagraíocht dhomhanda 'Development Initiatives',

– ag féachaint d'Fhorléargas Daonnúil Domhanda 2023 ó Oifig um Chomhordú Gnóthaí

[7] IO C 303, 15.12.2009, lch. 12.
[8] IO C 56, 15.2.2023, lch. 1.

Daonnúla na Náisiún Aontaithe, agus do na nuashonruithe míosúla air,

– ag féachaint do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an gComhionannas Inscne i mbeartas eachtrach agus slándála an Aontais[9],

– ag féachaint do rúin uaithi maidir le cabhair dhaonnúil, go háirithe rún an 15 Nollaig 2021 maidir le treoshuímh nua do ghníomhaíocht dhaonnúil AE10, rún an 6 Iúil 2022 maidir le haghaidh a thabhairt ar an tslándáil bia i dtíortha i mbéal forbartha11, agus rún an 15 Nollaig 2022 maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 a uas-scálú le haghaidh buiséad athléimneach AE atá oiriúnach do dhúshláin nua12,

– ag féachaint do Riail 54 de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhorbairt (A9-0321/2023),

A. de bhrí go bhfuil riachtanais dhaonnúla ag leibhéal ard nach bhfacthas riamh roimhe agus go bhfuil siad ag fás ar luas nach bhfacthas riamh roimhe, agus meastar go bhfuil 339 milliún duine i ngátar in 2023 i gcomparáid le 274 mhilliún in 2022;

B. de bhrí go bhfuil géarchéimeanna daonnúla ag éirí níos fadtréimhsí agus níos casta, agus go bhfuil siad ina gcúis le héifeachtaí iarmhartacha domhanda; de bhrí go bhfuil líon méadaitheach coinbhleachtaí, guaiseacha an athraithe aeráide agus a dtionchair, neamhshlándáil bia atá ag méadú, an ghéarchéim fuinnimh agus paindéim COVID-19 tar éis níos mó leochaileacht eacnamaíoch agus easáitithe a chruthú, rud a fhágann go bhfuil riachtanais níos mó fós ann; de bhrí go bhfuil méadú suntasach tagtha ar neamhionannais mar gheall ar na géarchéimeanna sin agus gur chuir siad isteach go mór ar sholáthar seirbhísí cúraim sláinte riachtanacha agus tarrthála; de bhrí gur féidir le laghdú ar riachtanais dhaonnúla ar fud an domhain rannchuidiú le baol an fhoréigin a laghdú agus leis an tsíocháin a chothú; de bhrí, áfach, gurb é fós príomhchuspóir na gníomhaíochta daonnúla freagairt do riachtanais tarrthála agus fulaingt a mhaolú;

C. de bhrí go bhfuil an bhearna idir riachtanais dhaonnúla dhomhanda agus na hacmhainní a leithdháiltear chun freastal orthu fós ag leathnú; de bhrí gurbh ionann an bhearna chistiúcháin agus USD 23 bhilliún in 2022, agus nár cumhdaíodh ach 55 % de na riachtanais dhomhanda; de bhrí gur léir gur gá páirt a thabhairt do dheontóirí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhfuil acmhainneacht chistiúcháin leormhaith acu; de bhrí gurb ionann AE, in éineacht lena Bhallstáit agus na Stáit Aontaithe, agus formhór mór an chistithe dhomhanda don chabhair dhaonnúil; de bhrí gur socraíodh buiséad daonnúil AE do 2023 ag EUR 1.7 billiún, atá i bhfad ó bheith leordhóthanach chun leanúint de bheith ag coinneáil suas le gealltanais AE mar cheann de na deontóirí is mó ar domhan; de bhrí go bhfuil míchothromaíochtaí suntasacha ann sa chistiú idir achainíocha daonnúla, rud a léiríonn go bhfuil níos mó géarchéimeanna á ligean i ndearmad; de bhrí nach ionann an chabhair dhaonnúil agus cineálacha eile caiteachais AE, sa mhéid is go

[9] IO C 404, 6.10.2021, lch. 202.
[10] IO C 251, 30.6.2022, lch. 80.
[11] IO C 47, 7.2.2023, lch. 149.
[12] IO C 177, 17.5.2023, lch. 115.

bhfuil ról tarrthála aici;

D. de bhrí nach ann d'aon sainmhíniú oifigiúil arna chomhaontú go huilíoch ar 'géarchéim atá ligthe i ndearmad'; de bhrí gur minic a úsáidtear an téarma 'géarchéim atá ligthe i ndearmad' chun cur síos a dhéanamh ar ghéarchéimeanna daonnúla a fhaigheann aird theoranta agus cumhdach teoranta sna meáin, a bhíonn faoi scáth éigeandálaí eile nó coinbhleachtaí leanúnacha go minic, nó nach ngineann freagairt idirnáisiúnta d'ainneoin dhéine na staide agus a tionchair ar na pobail a ndéantar difear dóibh;

E. de bhrí go leithdháileann an Coimisiún 15 % ar a laghad dá bhuiséad daonnúil bliantúil tosaigh ar ghéarchéimeanna atá ligthe i ndearmad, agus go bhfuil dea-shampla tugtha aige trína áirithiú nach ndéanfar cabhair dhaonnúil a atreorú i bhfianaise ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin; de bhrí, mar sin féin, gur cuireadh brú ar bhuiséid dhaonnúla ar fud an domhain, lena n-áirítear buiséid na mBallstát, mar thoradh ar an gcogadh;

F. de bhrí go bhfuil 83 % de na daoine atá i ngátar ina gcónaí i dtíortha ina raibh achainíocha freagartha éigeandála le tacaíocht ó na Náisiúin Aontaithe ar feadh cúig bliana as a chéile ar a laghad; de bhrí go bhfuil beagnach trí cheathrú díobh siúd atá i ngátar daonnúil ina gcónaí i dtíortha ina bhfuil ar a laghad dhá cheann de na príomhchúiseanna le géarchéimeanna: coinbhleacht, aeráid, nó leochaileacht eacnamaíoch[13];

G. de bhrí go bhfuil gá le réitigh struchtúracha nuálacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhaonnúla dhomhanda agus chun a áirithiú go mbeidh an córas daonnúil níos solúbtha, níos ullmhaithe agus níos freagrúla do ghéarchéimeanna daonnúla, chomh maith le níos inscne-chuimsithí, faoi stiúir áitiúil ar bhonn níos mó agus níos cuntasaí; de bhrí gur cheart go ndíreodh na réitigh sin ar chistiú leordhóthanach agus ardcháilíochta a áirithiú, ar chur chuige an naisc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin (an nasc triarach) a chur chun feidhme go héifeachtach agus ar thimpeallacht dhaonnúil chumasúcháin a chruthú d'oibrithe agus d'eagraíochtaí daonnúla; de bhrí nach mór ról agus rannpháirtíocht na ngníomhaithe áitiúla agus na gcéadfhreagróirí i bhfreagairtí daonnúla a aithint agus tacú leo; de bhrí go meastar gur mná iad os cionn 40 % den leathmhilliún oibrí daonnúil túslíne; de bhrí nach mór iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhaonnúla atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a bheith faoi threoir cur chuige atá íogair ó thaobh coinbhleachta de agus atá dírithe ar dhaoine, lena dtugtar aghaidh ar riachtanais dhaonnúla éagsúla na ndaoine agus na bpobal uile, maidir le mná, leanaí agus daoine faoi mhíchumas ach go háirithe, agus lena n-áirithítear cosaint a gceart faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta;

H. de bhrí go bhfuil baol méadaithe ann don tsláinte ghnéis agus atáirgthe i suíomhanna daonnúla, lena n-áirítear coinbhleachtaí armtha, ar gá aird ar leith a thabhairt air; de bhrí gur cuireadh iallach ar níos mó ná 26 mhilliún bean agus cailín atá in aois atáirgthe ar fud an domhain imeacht óna dtithe agus go bhfuil cónaí orthu anois i gcampaí dídeanaithe agus i gcriosanna géarchéime, rud a fhágann go bhfuil siad i mbaol méadaithe an fhoréigin ghnéasaigh;

I. de bhrí, i suíomhanna leochaileacha agus ina bhfuil coinbhleacht, gur minic a theipeann

---

[13] *Global Humanitarian Assistance Report 2023* [Tuarascáil 2023 maidir le Cúnamh Daonnúil Domhanda].

ar na páirtithe i gcoinbhleachtaí a bhfreagrachtaí agus a n-oibleagáidí faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta a chomhlíonadh, rud a mbíonn tionchar aige ar shibhialtaigh a chosaint agus ar chumas eagraíochtaí daonnúla agus oibrithe rochtain a fháil ar na daoine a ndéantar difear dóibh agus aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá acu, rud a ghéaraíonn a riachtanais dhaonnúla agus fad a chur leo;

***Cistiú***

1. á iarraidh go práinneach ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a mbuiséid um chabhair dhaonnúil a mhéadú go suntasach – gan cur as dá mbuiséid um fhorbairt – chun freagairt do riachtanais dhaonnúla, atá níos airde ná riamh; ag athdhearbhú a hiarrata ar na Ballstáit sciar seasta 0.7 % dá n-ollioncam náisiúnta a leithdháileadh ar chúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA); ag tacú, ina leith sin, le conclúidí ón gComhairle an 22 Bealtaine 2023 inar moladh do na Ballstáit 10 % dá ODA a dhíriú ar ghníomhaíocht dhaonnúil agus á iarraidh go gcuirfí chun feidhme go pras iad, lena n-áiritheofar go n-úsáidfear go héifeachtúil agus go héifeachtach na cistí arna leithdháileadh agus go ndíreofar ar réitigh inbhuanaithe fhadtéarmacha i ndlúthchomhairliúchán agus i ndlúthchomhar le comhpháirtithe daonnúla; á iarraidh ar na Ballstáit spriocanna uaillmhianacha a leagan síos agus treochláir a chruthú chun ODA a mhéadú de réir a chéile chun an sprioc dheiridh de 10 % a bhaint amach;

2. ag tabhairt dá haire gur freagracht dhomhanda é an bhearna chistiúcháin a dhúnadh; á athdhearbhú, dá bhrí sin, gur gá struchtúr cistiúcháin níos cothroime a bhaint amach agus an bonn acmhainní daonnúla a leathnú trí rannpháirtíocht níos mó na dtíortha bronntacha neamhthraidisiúnta agus na dtíortha bronntacha atá ag teacht chun cinn a bhfuil móracmhainneacht eacnamaíoch acu a chur chun cinn agus trí chistiú príobháideach a shlógadh, in éineacht le sásraí faireacháin, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail dhaonnúla na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais;

3. á iarraidh go molfadh Ardionadaí an Aontais Eorpaigh do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, mar chathaoirleach ar an gComhairle Gnóthaí Eachtracha, nach ndéanfadh na Ballstáit cabhair dhaonnúil a atreorú nó a laghdú. á chur i bhfáth go mbeidh gá le hiarrachtaí forleathana taidhleoireachta agus polaitiúla ón Aontas chun an bonn deontóirí a leathnú ar fud an domhain; ag tarraingt aird ar an ngá atá ann leas a bhaint as acmhainneacht na mBallstát a bhfuil níos lú taithí acu i réimse na cabhrach daonnúla agus an chomhair um fhorbairt;

4. á chur i bhfios go láidir go bhfuil imní ann maidir le breisíocht forbartha sásraí ráthaíochta measctha arna measúnú ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa i gcás an Chiste Eorpaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar institiúidí airgeadais, lena n-áirítear an Banc Eorpach Infheistíochta, a áirithiú go mbeidh gach oibríocht dhaonnúil a dhéantar trí mheascadh i gcomhréir le spriocanna gníomhaíochta seachtraí AE mar a shainítear in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear cearta an duine a urramú agus a chur chun cinn, deireadh a chur leis an mbochtaineacht, agus rioscaí comhshaoil a bhainistiú; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú i scríbhinn a chur ar fáil don Pharlaimint maidir le cur chun feidhme an treoirthionscadail maidir le meascadh le haghaidh gníomhaíocht dhaonnúil, a shainítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2021, chun meastóireacht a dhéanamh ar

ailíniú an tsásra airgeadais sin le cuspóirí gníomhaíochta seachtraí;

5. á chur i bhfios go láidir go bhfágann ról méadaithe chomhpháirtíochtaí na hearnála príobháidí, lena n-áirítear tacaíocht don straitéis 'Global Gateway', go bhfuil rochtain ar thacaíocht do ghníomhaithe áitiúla níos casta agus go gcuirtear teorainn lena rochtain ar chomhpháirtíochtaí cothroma nach bhfágann aon duine ar lár; á áitiú gur cheart trédhearcacht agus cuntasacht ar fud ghníomhaíochtaí seachtracha AE, agus ionstraimí airgeadais gaolmhara, a ráthú go hiomlán, lena n-áirítear do thionscnaimh Fhoireann na hEorpa atá dírithe ar thacaíocht dhaonnúil a chur ar fáil;

6. á áitiú a thábhachtaí atá sé saineolas agus neamhthrasnaíocht a chaomhnú i bprionsabal neodrachta na ngníomhaithe daonnúla; á chur i bhfáth, ar mhaithe le tuilleadh rannpháirtíochta leis an earnáil phríobháideach, go bhfuil gá le réamh-anailís ar na torthaí a baineadh amach go dtí seo tríd an gcomhar sin, le cur chun cinn eisiach comhpháirtíochtaí lena gcomhlíontar prionsabail dhaonnúla idirnáisiúnta, le caighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus chearta an duine, agus le cuntasacht le haghaidh na bpobal a ndéantar difear dóibh;

7. á iarraidh go n-áireofaí san athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) méadú suntasach ar an gcabhair dhaonnúil a bheidh ar aon dul leis an tírdhreach daonnúil nua agus na riachtanais dhaonnúla nua, lena n-áirítear riachtanais shonracha na mban agus na gcailíní; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go raibh na cistí a cuireadh i leataobh le haghaidh géarchéimeanna seachtracha faoin gCúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála (SEAR) ídithe cheana féin sa chéad ráithe de 2023; á mholadh go ndéanfaí SEAR a roinnt ina dhá chuid ar leith, lena léireofar na gnéithe inmheánacha agus seachtracha, agus cistiú leormhaith a chur ar fáil do gach cuid;

8. á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh aon athneartú ar SEAR comhlántach le líne bhuiséadach na cabhrach daonnúla agus nach mbeadh sé ag teacht in ionad na líne sin; á iarraidh ar AE buiséad bliantúil láidir a chur ar fáil do chabhair dhaonnúil AE chun cistiú tráthúil, intuartha agus solúbtha a áirithiú ag tús gach bliana airgeadais agus chun imchlúdach imfhálaithe a choinneáil laistigh de SEAR le haghaidh géarchéimeanna daonnúla lasmuigh den Aontas agus chun an acmhainneacht atá ann cheana a choinneáil chun cistí breise a shlógadh go tapa i gcás éigeandálaí atá ag teacht chun cinn, atá ag dul in olcas nó i gcás éigeandálaí tobanna; á iarraidh ar an bParlaimint agus ar an gComhairle an ionstraim um chabhair dhaonnúil a mhéadú go suntasach i gcomhthéacs bhuiséad bliantúil 2024;

9. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na míchothromaíochtaí sa chistiú idir géarchéimeanna agus laistigh d'earnálacha agus ag tabhairt rabhaidh faoi na hiarmhairtí a bhaineann le tearcmhaoiniú ainsealach maidir leis na daoine is leochailí; ag tabhairt dá haire nár maoiníodh ach 27.7 % den achainí dhaonnúil don tSalvadóir in 2022, i gcomparáid le 94.5 % den achainí dhaonnúil do Phoblacht na hAfraice Láir, rud a léiríonn go bhféadfadh sé go bhfaigheadh roinnt achainíocha trí oiread níos mó maoinithe ná cinn eile mar thoradh ar mhíchothromaíochtaí cistiúcháin; ag tabhairt dá haire gur ann do thearcmhaoiniú criticiúil agus leanúnach réimsí na cosanta agus an fhoréigin inscnebhunaithe araon, a bhfuil tionchar láidir aige ar rochtain ar sheirbhísí do dhaoine atá i ngátar; á iarraidh go ndéanfaí cistiú a dháileadh ar bhealach níos cothroime agus

bunaithe ar riachtanais chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár; á iarraidh ar an gCoimisiún cur chuige níos comhchuibhithe a fhorbairt i leith géarchéimeanna atá ligthe i ndearmad agus tuairisciú a dhéanamh ar a ghealltanas 15 % dá bhuiséad daonnúil bliantúil tosaigh a leithdháileadh ar ghéarchéimeanna atá ligthe i ndearmad agus cosc a chur ar acmhainní a aistriú ó ghéarchéimeanna atá tearcmhaoinithe cheana féin; á iarraidh ar an gComhairle comhordú níos fearr a dhéanamh ar aird na mBallstát ar na géarchéimeanna sin agus ar an tacaíocht a thugann siad dóibh;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le ráiteas airí gnóthaí eachtracha G7 maidir le réamhghníomhaíocht agus é a chur chun feidhme agus cuid mhéadaithe den chistiú daonnúil a infheistiú le haghaidh luathrabhaidh agus réamhghníomhaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na córais luathrabhaidh atá ann cheana agus á bhforbairt faoi láthair a neartú (mar shampla Céim Chomhtháite na Slándála Bia (IPC), an Líonra Córas Luathrabhaidh um Ghorta agus córais áitiúla) chun an bonn fianaise le haghaidh rabhadh polaitiúil a fheabhsú agus a scaipeadh agus chun freagairt leormhaith rialtais, deontóirí agus comhpháirtithe a spreagadh chun cosc a chur le cásanna leibhéal IPC 2 athrú ina n-éigeandálaí IPC 3, 4 nó 5;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit níos mó cistiúchán ardcháilíochta intuartha a chur ar fáil, go háirithe i ngéarchéimeanna fadtréimhseacha, trí chistiú solúbtha nach gcuirtear in áirithe, cistiú a chuirtear in áirithe go bog agus cistiú ilbhliaintúil atá curtha in oiriúint do chomhthéacsanna áitiúla, atá riachtanais-bhunaithe agus atá duinelárnach; á iarraidh go ndéanfaí an cistiú ilbhliantúil solúbtha a threisiú, rud atá ríthábhachtach go háirithe do chláir um fhorbairt athléimneachta; ag cur béim ar ualach na mbacainní riaracháin a bhíonn ar eagraíochtaí daonnúla i dtaobh cistí a thiomsú agus maidir le ceanglais tuairiscithe, a dhéanann difear dá n-éifeachtúlacht agus do luas a bhfreagartha ar ghéarchéimeanna, agus á chur i bhfáth gur gá é a laghdú; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil sé deacair ar ghníomhaithe áitiúla agus ar eagraíochtaí daonnúla rochtain a fháil ar mhaoiniú agus cistí a thiomsú, lena n-áirítear cistí comhthiomsaithe, mar gheall ar ualach na mbac maorlathach agus easpa acmhainneachta; á mheas gur cheart an tsolúbthacht is mó is féidir a thabhairt do ghníomhaithe áitiúla, go háirithe maidir le tairseacha forchostais; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit forfheidhmiú níos déine ghealltanas an Mhargadh Mhóir a éileamh chun cistiú ilbhliantúil a mhéadú 30 % thar a mbonnlíne féin, chomh maith le 30 % ar a laghad dá gcistiú a chur ar fáil mar chistiú solúbtha nó cistiú atá curtha in áirithe go bog; á thabhairt chun suntais gur gá nósanna imeachta maidir le hiarratais ó dheontóirí, conraitheoireacht, bainistiú deontas agus nósanna imeachta tuairiscithe a chomhchuibhiú agus a shimpliú chomh maith le cur ar chumas deontóirí cláir a cheapadh chun tacú le rialtais agus leis an tsochaí shibhialta rioscaí a bhainistiú agus freagairt do ghéarchéimeanna; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar chearta tarraingthe speisialta a úsáid chun cabhair dhaonnúil agus comhar um fhorbairt a mhaoiniú (do thíortha ísealioncaim agus meánioncaim);

12. á áitiú go bhfuil sé ríthábhachtach freagairt níos éifeachtaí agus faoi stiúir áitiúil ar bhonn níos mó a áirithiú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról tábhachtach ag an tsochaí shibhialta, ag eagraíochtaí daonnúla agus ag comhpháirtithe áitiúla maidir le riachtanais a shainaithint agus cabhair dhaonnúil a sholáthar go díreach dóibh siúd atá i ngátar; á iarraidh, áfach, go bhfeabhsófaí comhordú cúnaimh i measc ENRanna agus deontóirí chun intuarthacht na cabhrach a áirithiú agus ilroinnt na cabhrach nó gníomhaíochtaí

forluiteacha á seachaint ag an am céanna; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rochtain níos fearr ar fhaisnéis, ar chinnteoireacht agus ar shásraí comhordúcháin a chumasú do ghníomhaithe áitiúla agus cistiú díreach méadaithe a leithdháileadh ar ENRanna agus ar ghníomhaithe áitiúla atá in ann é a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla agus níos costéifeachtaí; á iarraidh go mbeadh níos mó trédhearcachta ann maidir le faighteoirí agus méideanna an chistithe ar shuíomh gréasáin AS ECHO; á chur i bhfáth gur gá an sprioc chomhiomlán dhomhanda, a leagadh síos leis an Margadh Mór, maidir le 25 % ar a laghad den chistiú daonnúil a dhíriú go díreach chuig eagraíochtaí áitiúla freagróra a bhaint amach agus á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin í a bhaint amach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme an tiomantais sin ar bhonn rialta;

13. á iarraidh ar AE a sprioc a bhaint amach maidir le 20 % ar a laghad de ODA a leithdháileadh ar fhorbairt an duine mar uirlis bhunriachtanach chun na SDGanna a bhaint amach, agus spriocanna a ghlacadh don chomhionannas inscne atá cainníochtaithe ó thaobh cistiú tiomnaithe de agus ní hamháin mar chéatadán de na cláir fhoriomlána; á iarraidh an athuair go nglacfaí cur chuige inscne-íogair i leith bhuiséad foriomlán AE, chun a áirithiú go mbainfear SDG 5 maidir le comhionannas inscne amach; á iarraidh ar Thoscaireachtaí AE agus ar na Ballstáit uile tosaíocht a thabhairt don fhorbairt dhaonna ina gclársceidealú comhpháirteach;

*An nasc triarach*

14. ag tabhairt dá haire go bhfuil an nasc triarach ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna agus ar na riachtanais chomhthéacs-shonracha i ngéarchéimeanna casta agus fadtréimhseacha agus chun athléimneacht a fhorbairt i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo, chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus ar chomhlántacht na bhfreagairtí agus chun sásraí tacaíochta gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a nascadh ar bhealach níos fearr, i gcomhréir le prionsabail dhaonnúla, agus go bhfuil ról ríthábhachtach ag baint leis maidir leis an staid i dtíortha géarchéime a chobhsú agus maidir leis an tslándáil idirnáisiúnta a fhorbairt; á chur i bhfáth gur feiniméin iad an bhochtaineacht, an choinbhleacht, an éagobhsaíocht agus an t-easáitiú éigeantach nach mór aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach comhleanúnach agus cuimsitheach; á áitiú go mbeadh cistiú nasc-shonrach, trédhearcacht, infheictheacht, comhordú agus comhroinnt eolais níos mó ann i measc geallsealbhóirí agus cur chuige an naisc thriaraigh á chur i bhfeidhm acu, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht níos fearr gníomhaithe áitiúla;

15. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil níos lú cistiúcháin um fhorbairt á chur ar fáil chun cabhrú le tíortha aistriú ó chabhair dhaonnúil; ag tabhairt dá haire gur tháinig laghdú, ar fud an domhain, ar an gcúnamh um fhorbairt mar chion de ODA iomlán do thíortha atá i ngéarchéim fhadtéarmach ó 50 % go 48 % sna cúig bliana roimh 2021, agus gur mhéadaigh cion na cabhrach daonnúla ó 37 % go 41 % ar an meán[14];

16. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfaí an nasc triarach a chur chun feidhme go héifeachtach ar fud a chuid beartas agus struchtúr agus tuairisciú go rialta maidir lena chur chun feidhme; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh measúnuithe comhpháirteacha,

[14] https://devinit.org/resources/global-humanitarian-assistance-report-2023/.

anailís chomhpháirteach agus pleanáil chomhpháirteach a chur chun cinn thar ionstraimí cistiúcháin éagsúla, go háirithe ar leibhéal na tíre; ag tabhairt dá haire go bhfuil acmhainneacht ag an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (NDICI-GE) cur chuige an naisc thriaraigh a chur i ngníomh; á iarraidh go mbeadh comhordú níos fearr ann idir Ard-Stiúrthóireacht na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (AS INTPA) agus AS ECHO sa Choimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí chun colún mearfhreagartha NDICI-GE a chur chun feidhme, chun a áirithiú go gcomhlánóidh a bhfreagairtí a chéile;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún freagairt do na moltaí ón staidéir a choimisiúnaigh INTPA ar an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin (HDP) dar teideal *HDP nexus: challenges and opportunities for its implementation* [Nasc HDP: dúshláin agus deiseanna dá chur chun feidhme] agus iad a chur chun feidhme, go háirithe an moladh chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an naisc ar fud na seirbhísí ábhartha;

18. á iarraidh ar na Ballstáit oibriú leis an gCoimisiún chun cuspóirí agus tagarmharcanna a shainaithint do chomhthéacsanna réigiúnacha d'fhonn cur chun feidhme an naisc thriaraigh a threorú amach anseo go dtí deireadh an CAI sin;

19. á chur i bhfáth gur comhthéacsanna daonnúla fós iad géarchéimeanna fadtréimhseacha, agus go ndéantar sciar suntasach de chistiúchán naisc a chur ar fáil trí imchlúdaigh um fhorbairt nach féidir leo an tsolúbthacht chéanna a sholáthar le tacaíocht dhaonnúil agus cistiú á leithdháileadh; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit réitigh nithiúla a bheartú do leithdháileadh éifeachtach an chistiúcháin le haghaidh comhpháirtithe a oibríonn sna comhthéacsanna sin;

***Ceartas aeráide***

20. á iarraidh go ndéanfaí cistiú don aeráid a mhéadú chun tionchar an athraithe aeráide, ar cúis imní é, ar ghéarchéimeanna daonnúla a chosc, a mhaolú agus chun freagairt dó; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil caiteachas NDICI-GE, ag a bhfuil cuspóir aeráide, i bhfad níos lú ná an gealltanas gur cheart caiteachas den sórt sin a bheith ionann le 30 % d'imchlúdach airgeadais foriomlán NDICI-GE; á iarraidh ar an gCoimisiún an méid sin a mhéadú gan mhoill, ag díriú go háirithe ar oiriúnú don athrú aeráide agus ar laghdú rioscaí tubaiste sna tíortha is lú forbairt; á mheabhrú gur thug na tíortha forbartha gealltanas i leith sprioc chomhchoiteann USD 100 billiún a shlógadh in aghaidh na bliana don ghníomhú ar son na haeráide i dtíortha i mbéal forbartha ag an 15ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe (COP15) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide i gCóbanhávan in 2009, agus gur athnuadh an gealltanas sin ag COP27 in Sharm-el-Sheikh in 2022; á iarraidh ar AE a chion cothrom a dhéanamh i leith na sprice sin agus a mhodhanna taidhleoireachta uile a ghiaráil chun na tíortha forbartha uile a spreagadh chun an rud céanna a dhéanamh;

21. á chur i bhfios go láidir go bhfuil méadú as cuimse ag teacht ar riachtanais dhaonnúla i dtíortha atá i mbéal forbartha mar gheall ar éifeachtaí an athraithe aeráide; á chur i bhfáth gur gá an ullmhacht, an t-oiriúnú agus an fhreagairt i ndáil le rioscaí tubaistí a logánú agus acmhainneachtaí na ngníomhaithe áitiúla agus na bpobal áitiúil a fhorbairt chun éifeachtaí díobhálacha thionchar daonnúil an athraithe aeráide a theorannú agus athléimneacht aeráide na ngrúpaí is leochailí a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún na

bealaí is fearr a shainaithint chun dul i dteagmháil le pobail atá ina gcónaí sna timpeallachtaí is neamhdhaingne agus is leochailí, go háirithe trí bhearta oiriúnaithe faoi stiúir áitiúil; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeadh daoine dúchasacha agus pobail áitiúla rannpháirteach sa logánú; á iarraidh ar an gCoimisiún tacaíocht pholaitiúil, airgeadais agus theicniúil a áirithiú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a sholáthraíonn seirbhísí pobalbhunaithe, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go sroichfear na daoine is leochailí trí sheirbhísí saincheaptha agus iomchuí;

22. á iarraidh ar dheontóirí agus ar na Ballstáit an dearbhú ó dheontóirí cabhrach daonnúla maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol a ghlacadh agus a chur chun feidhme trína gcistiú a mhéadú le haghaidh tubaistí a chosc, ullmhacht, réamhghníomhaíocht, agus freagairt dóibh; á iarraidh ar ghníomhaithe daonnúla an Chairt Aeráide agus Comhshaoil d'Eagraíochtaí Daonnúla a shíniú agus a chur chun feidhme, chun inbhuanaitheacht chomhshaoil a gcuid oibre a uasmhéadú;

23. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit treisiú a dhéanamh ar Shásra Idirnáisiúnta Vársá do Chaillteanas agus Damáiste a bhaineann le Tionchair an Athraithe Aeráide (Sásra Caillteanas agus Damáiste), chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar chaillteanas agus ar dhamáiste a bhaineann le tionchair an athraithe aeráide;

24. ag spreagadh iarrachtaí il-gheallsealbhóirí chun freagairt dhaonnúil níos glaise agus digitithe a chur chun feidhme; á thabhairt chun suntais cost-éifeachtúlacht na réamhghníomhaíochta; á iarraidh go mbeadh cur chuige duinelárnach ann i leith na digiteála agus go mbainfí úsáid fhreagrach as uirlisí digiteacha ciallmhara; á iarraidh go bhfeabhsófaí a thuilleadh acmhainneacht na n-uirlisí digiteacha chun méideanna ollmhóra sonraí daonnúla casta a bhainistiú agus dlús a chur le brath agus tuar tubaistí aeráide;

***Cur chuige duinelárnach***

25. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé athléimneacht an duine a fhorbairt trí fheabhas a chur ar an gcosaint, trí na rioscaí a bhíonn roimh dhaoine le linn géarchéime a íoslaghdú agus trína áirithiú go n-urramófar go hiomlán a gcearta agus rochtain ar oideachas agus ar sheirbhísí riachtanacha sláinte á ráthú ag an am céanna; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí chun táirgeadh áitiúil agus inbhuanaithe talmhaíochta agus bia a fheabhsú trí mhodhanna agrai-éiceolaíocha agus iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn chun infhaighteacht bia a mhéadú agus chun spleáchas ar sholáthairtí seachtracha a chosc le linn géarchéimeanna daonnúla; ag cur béim ar an ngá atá ann páirt fhóinteach a thabhairt do na daoine agus do na pobail áitiúla atá buailte mar aon le gníomhaithe daonnúla áitiúla agus náisiúnta i struchtúir chomhordúcháin, i gcórais réamhrabhaidh a chur chun feidhme, a gcumas a ráthú chun gníomhaíocht a dhéanamh roimh thubaistí, measúnuithe ar riachtanais a dhéanamh agus an fhreagairt dhaonnúil a chinneadh agus faireachán a dhéanamh uirthi;

26. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag eagraíochtaí áitiúla foirmiúla agus neamhfhoirmiúla na sochaí sibhialta sa fhreagairt dhaonnúil agus go bhfuil tábhacht ag baint leo; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a gcuimsiú agus a rannpháirtíocht i ngach próiseas a ráthú i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin

maidir le comhpháirtíochtaí cothroma le freagróirí áitiúla a chur chun cinn i suíomhanna daonnúla;

27. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú níos fearr a dhéanamh ar riachtanais agus ar rochtain éifeachtach na ngrúpaí is leochailí, lena n-áirítear mionlaigh, leanaí, mná, daoine scothaosta, pobail áitiúla, daoine dúchasacha agus go háirithe daoine faoi mhíchumas agus leochaileachtaí trasnacha, agus aghaidh a thabhairt orthu agus faireachán a dhéanamh orthu ar bhealach níos fearr, chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár le beartas daonnúil AE; á chur i bhfios go láidir go bhfuil dúshláin roimh na grúpaí agus na mionlaigh sin agus rochtain á fáil acu ar chúnamh daonnúil mar gheall ar imeallú, díriú gníomhach ar an láthair nó a staid shocheacnamaíoch lag; ag spreagadh úsáid a bhaint as marcóir míchumais na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta chun an dul chun cinn atá déanta sa ghníomhaíocht dhaonnúil a rianú; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí treoirlínte AE maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha a nuashonrú agus a gcur chun feidhme a áirithiú;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún an straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030 a neartú chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh go héifeachtach ar cheanglais daoine faoi mhíchumas i gcabhair dhaonnúil arna cistiú ag AE, ar cheart go n-áireofaí inti sonraí imdhealaithe a bhailiú maidir le daoine faoi mhíchumas i gcomhthéacsanna daonnúla, úsáid sraith ghearr ceisteanna Ghrúpa Washington a chur chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta agus leis na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas ag gach céim d’ullmhú na straitéise, á mheabhrú, chun go mbeidh siad éifeachtach, nach mór aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí sin — agus buiséid shonracha a leithdháileadh — ag tús gach pleanála agus cinnteoireachta;

29. ag tacú go láidir leis an tionscnamh ón gCoimisiún maidir le hoideachas a chomhtháthú i gcásanna éigeandála; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le cúnamh daonnúil agus forbartha méadaithe chun tacú le cosaint leanaí, le hoideachas agus le hoiliúint ar ardchaighdeán ar gach leibhéal, lena n-áirítear i gcásanna géarchéime, chun cosc a chur ar leanaí agus ar dhaoine óga éirí as an scoil, lena n-áiritheofar rochtain ar sheirbhísí bunúsacha cúraim sláinte agus ionchais d’fhostaíocht tháirgiúil i ngeilleagair bheaga agus laga, go háirithe i gcásanna coinbhleachtaí fadmharthanacha; ag cur béim ar an bhfadhb a bhaineann le ‘glúnta caillte’, mar a thugtar orthu, atá suntasach go háirithe i gcás géarchéimeanna atá ligthe i ndearmad;

30. ag tabhairt dá haire go bhfuil líon na ndaoine atá easáitithe go héigeantach ar fud an domhain níos airde ná riamh; á iarraidh ar AE agus ar an bpobal domhanda tacú le rochtain chomhionann agus éifeachtach ar sheirbhísí riachtanacha agus ar chúnamh daonnúil do dhídeanaithe, do dhaoine easáitithe ina dtír féin agus dá bpobail óstacha, lena n-áirítear grúpaí ar deacair teacht orthu, iad siúd in áiteanna iargúlta agus iad siúd a bhfuil orthu teitheadh mar gheall ar thionchar an athraithe aeráide, gan beann ar a stádas dlíthiúil, agus oibriú ar réitigh mharthanacha, go háirithe i ngéarchéimeanna dearmadta, agus an rochtain sin a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na gealltanais a tugadh faoin gComhshocrú Domhanda do Dhídeanaithe a thuairisciú agus a athdhearbhú chun a áirithiú go roinntear an fhreagracht dhomhanda as dídeanaithe a óstáil ar bhealach níos cothroime; á aithint nach mór do réitigh mharthanacha do

dhídeanaithe agus do dhaoine easáitithe ina dtír féin sábháilteacht agus slándáil fhadtéarmach, rochtain ar fhostaíocht agus caighdeáin leordhóthanacha mhaireachtála, ar sheirbhísí poiblí bunriachtanacha, agus ar leigheasanna éifeachtacha agus ar cheartas a áirithiú;

31. á chur i bhfios go láidir go ndéantar an neamhionannas inscne struchtúrach atá ann cheana a ghéarú le linn géarchéimeanna agus, dá bhrí sin, go ndéanann coinbhleachtaí, tubaistí nádúrtha nó guaiseacha don athrú aeráide difear díréireach do mhná agus cailíní, chomh maith leis na grúpaí is imeallaithe a fhulaingíonn cineálacha éagsúla trasnacha idirdhealaithe — amhail daoine faoi mhíchumas, LADTIA+ nó daoine scothaosta; á chur i bhfios go láidir gur cheart aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha agus ar chearta sonracha na ngrúpaí sin i ngach freagairt dhaonnúil; á athdhearbhú gur gá tosaíocht a thabhairt do sheirbhísí iomchuí tráthúla sa tsláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe (SRH) agus iad a chur ar fáil sa fhreagairt dhaonnúil láithreach;

32. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit gníomhaíocht chinntitheach agus dhearfach a dhéanamh maidir le príomhshruthú inscne sa ghníomhaíocht dhaonnúil, ós rud é gurb iad mná agus cailíní na híospartaigh is dóchúla de choinbhleachtaí agus tubaistí nádúrtha ach freisin mar ghníomhaithe don athrú, chun a áirithiú go mbeidh idirghabhálacha daonnúla ar fud na n-earnálacha uile fíor-bhunaithe agus claochlaitheach ó thaobh inscne de, agus go dtacóidh siad le rannpháirtíocht fhóinteach eagraíochtaí na mban, i ndearadh, i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i meastóireacht na freagartha daonnúla, i gcomhréir leis na gealltanais maidir leis an Margadh Mór; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar rannpháirtíocht chomhionann agus cumhachtú comhionann na mban a chomhtháthú go sainráite i sásraí daonnúla amach anseo; á chur i bhfios go láidir gur gá dlús a chur le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne ar fud ghníomhaíocht sheachtrach uile AE; á chur in iúl gur saoth léi an méadú ar fhoréigean inscnebhunaithe i suíomhanna daonnúla agus á chur i bhfáth gur gá é a chosc;  á mheabhrú, i gcomhréir le prionsabal na neamhdhíobhála, go bhfuil sé de fhreagracht ar ghníomhaithe daonnúla i ngach earnáil a gclársceidealú a dhearadh agus a chur chun feidhme ar bhealach lena n-íoslaghdaítear na rioscaí a bhaineann le foréigean inscnebhunaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an taithí a fuarthas roimhe seo maidir le tacaíocht earnála dhaonnúil don chomhionannas inscne, chomh maith le caiteachas sonrach, cláir, modhanna rianaithe agus measúnaithe atá dírithe ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le hinscne a thabhairt isteach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar bhailiú agus ar thuairisciú sonraí maidir le cistiú a bhaineann le hinscne, go háirithe i gcás ina dtacaíonn cistiú le príomhshruthú inscne sa ghníomhaíocht dhaonnúil;

### *Timpeallacht chumasúcháin*

33. á áitiú gur gá lárnacht agus urraim an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta, an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus na bprionsabal daonnúil i ngníomhaíocht sheachtrach AE a threisiú; á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis taidhleoireachta daonnúla a fhorbairt i gcomhar leis na Ballstáit, lena n-áiritheofar cur chuige níos córasaí agus níos comhordaithe i leith na taidhleoireachta daonnúla, agus á iarraidh ar an straitéis sin tacú le sibhialtaigh a chosaint, leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus le prionsabail dhaonnúla a urramú; ag aithint a phráinní atá sé go mbeadh rochtain ag oibrithe daonnúla ar phobail atá buailte i limistéir choinbhleachta d’fhonn a ráthú nach

mbeidh na hiarrachtaí chun cabhair dhaonnúil a sholáthar teoranta ag bearta sriantacha agus ag baic mhaorlathacha;

34. ag cáineadh go láidir coireanna cogaidh agus sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta; á iarraidh go ndéanfaí na déantóirí uile a choinneáil cuntasach agus go bhfaigheadh na híospartaigh cúiteamh; ag tarraingt aird ar an ngá atá le húsáid iomchuí a bhaint as doiciméadacht atá ann cheana chun déantóirí na gcoireanna a thabhairt os comhair na cúirte go héifeachtach; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht creat AE a bhunú chun íospartaigh a chúiteamh as sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta; á chur in iúl gur saoth léi an méadú atá tagtha ar ionsaithe ar shibhialtaigh, ar phearsanra daonnúil agus leighis agus ar bhonneagar criticiúil, lena n-áirítear ospidéil agus scoileanna ar fud an domhain, agus á áitiú gur gá bearta cosanta agus slándála a mhéadú do shibhialtaigh, d'oibrithe daonnúla agus leighis, agus do bhonneagar criticiúil, agus bearta sonracha a cheapadh chun oibrithe daonnúla baineanna a chosaint chun teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach a chosc; ag cáineadh beartais idirdhealaitheacha, amhail an toirmeasc ar oibrithe daonnúla ban san Afganastáin;

35. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe lena dtugtar isteach díolúine dhaonnúil i gcórais smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit tuilleadh ailínithe a dhéanamh leis an gcaighdeán domhanda a leagtar síos le Rún 2664 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar thionchar na smachtbhannaí ar sheachadadh cabhrach daonnúla agus buandíolúintí daonnúla a ghlacadh ina chórais smachtbhannaí uathrialacha chun cúnamh daonnúil agus tacaíocht do riachtanais bhunúsacha dhaonna a áirithiú i gcomhthéacsanna atá thíos le coinbhleacht armtha, mar a cheanglaítear leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta; á áitiú, thairis sin, gur gá díolúine dhaonnúil bhuan a áireamh sa treoir a bheidh ann amach anseo maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais chun a áirithiú nach ndéanfar gníomhaíochtaí daonnúla a choiriúlú faoi chórais smachtbhannaí AE agus go gcosnófar oibrithe daonnúla sna comhthéacsanna ina bhfuil feidhm ag smachtbhannaí AE; á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú go dlúth le hinstitiúidí airgeadais agus le gníomhaithe daonnúla chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar bhacainní riaracháin, lena n-áirítear an riosca a bhaineann le comhlíonadh a mhaolú, chun seachadadh cabhrach daonnúla a chumasú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a áireamh mar chritéar chun daoine aonair nó eintitis a liostú i gcórais smachtbhannaí ábhartha AE agus iad siúd a úsáideann an t-ocras mar arm cogaidh a ionchúiseamh go fuinniúil agus smachtbhannaí a fhorchur orthu;

36. á iarraidh ar an gCoimisiún Lárionad Eorpach um Thaighde Daonnúil agus um Nuálaíocht Dhaonnúil a bhunú, ina dtabharfar le chéile saineolaithe ón saol acadúil agus ó chleachtóirí chun nuálaíocht a chothú san earnáil dhaonnúil, go háirithe maidir le rochtain ar fhoinsí nua airgeadais;

37. ag moladh an róil atá ag eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta agus ag na chéad fhreagróirí i bhfreagairtí daonnúla agus ag cabhrú leo siúd a bhfuil na riachtanais is géire acu; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé comhoibriú le gníomhaithe áitiúla agus tacú leo chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht gníomhaíochta i limistéir ina bhfuil

coinbhleacht, agus oiliúint agus cosaint leormhaith á cur ar fáil ag an am céanna don fhoireann dhaonnúil agus borradh a chur faoi rannpháirtíocht na bpobal atá buailte maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais dhaonnúla i gcomhréir leis an tiomantas don Mhargadh Mór gníomhaíocht dhaonnúil ar bhonn prionsabail a dhéanamh chomh áitiúil agus is féidir; á chur i bhfios nach mór do gach oibrí daonnúil a bhfuil baint acu le staideanna coinbhleachta, gan beann ar a náisiúntacht nó ar a dtír thionscnaimh, a bheith i dteideal cosaint agus tacaíocht chomhionann a fháil le linn oibríochtaí aslonnaithe agus nach mór aon idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar thionscnamh na n-oibrithe ná ar aon tosca idirdhealaitheacha eile; á chur in iúl gur geal léi an nóta treorach ón gCoimisiún maidir le comhpháirtíochtaí cothroma agus tiomantas AS ECHO an clár oibre logánaithe a chur chun cinn sa phlé maidir leis an Margadh Mór; á iarraidh ar na gníomhaithe daonnúla uile comhpháirtíochtaí níos cothroime a chur chun cinn, go háirithe le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na daoine is imeallaithe atá buailte ag an ngéarchéim; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na gealltanais a chumhdaítear sa nóta treorach a chomhlíonadh go hiomlán agus go fóinteach, lena n-áiritheofar cuntasacht agus tacaíocht chuí do chomhpháirtithe chomh maith le comhroinnt chothrom na rioscaí le hidirghabhálaithe agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta áitiúla;

***Ról na meán***

38. á chur i bhfáth nach mór gníomhaíocht dhaonnúil AE a bheith níos inaitheanta mar sin; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag na meáin maidir le feasacht ar ghéarchéimeanna a mhúscailt agus tacaíocht phoiblí a ghiniúint don fhreagairt do ghéarchéimeanna; ag spreagadh eagraíochtaí meán chun tuairisciú cruinn agus tráthúil ar ghéarchéimeanna a áirithiú agus acmhainní a thiomnú do thuairisciú domhain, lena n-áirítear rochtain a thabhairt d’iriseoirí ar limistéir atá buailte, agallaimh leis na pobail atá buailte a éascú agus tacú le hiriseoireacht iniúchach chun bunchúiseanna agus dinimic géarchéimeanna a nochtadh;

39. ag aithint go bhfuil roinnt freagrachta ar eagraíochtaí na meán as ranchuidiú le géarchéimeanna ligthe i ndearmad trína gcumhdach roghnaitheach agus trína dtuairisciú leantach neamhleor; ag cur béim ar an bhfíoras nár cheart d’eagraíochtaí na meán deireadh a chur le cumhdach coinbhleachtaí, fiú má mheastar iad a bheith ‘fadaithe’ nó ‘ligthe i ndearmad’, ós rud é go bhfuil tuairisciú leanúnach bunriachtanach chun an pobal idirnáisiúnta a choinneáil ar an eolas, chun brú a choinneáil ar gheallsealbhóirí ábhartha agus chun tacú le hiarrachtaí chun coinbhleachtaí a réiteach agus chun síocháin a chothú; ag moladh go láidir d’eagraíochtaí na meán machnamh a dhéanamh ar a ról agus aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin go gníomhach trí thús áite a thabhairt do thuairisciú marthanach agus cuimsitheach ar gach géarchéim dhaonnúil, gan beann ar a bhfad ná ar a suíomh geografach, chun a áirithiú go gcloisfear guthanna na bpobal atá buailte; ag spreagadh tionscnamh agus tionscadal a bhfuil sé d’aidhm acu feasacht an phobail ar ghéarchéimeanna atá ligthe i ndearmad a leathnú agus deontóirí a shlógadh chun níos mó cabhrach a thabhairt do na réimsí sin; á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis meán a mholadh chun aird a tharraingt ar ghéarchéimeanna dearmadta, ar cheart go n-áireofaí léi ailt agus postálacha urraithe a fhoilsiú sna meáin chlóite, ar líne agus sna meáin shóisialta, chomh maith le scoláireachtaí agus oiliúint a eagrú d’iriseoirí;

°

° °

40. Á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, agus chuig an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá sé soiléir ó na huimhreacha. Nóiméad i ndiaidh nóiméid, titeann níos mó daoine i gcásanna leochaileachta agus bíonn cabhair dhaonnúil de dhíth orthu. Soicind i ndiaidh soicind, bíonn an bhearna idir na hacmhainní atá ar fáil agus na hacmhainní a bhfuil gá leo ag éirí níos leithne, in ainneoin iarrachtaí méadaithe ó go leor gníomhaithe, gníomhaireachtaí, institiúidí, cuideachtaí, tíortha agus go háirithe an tAontas Eorpach.

Ní mór an treocht sin a aisiompú. Tá gníomhaíocht choisctheach níos mó agus níos fearr ag teastáil uainn chomh maith le hacmhainneacht mhéadaithe chun freagairt d'éigeandálaí. Ní féidir na dúshláin sin a shárú trí mhionchoigeartuithe ar rialachas nó ar chumarsáid. Teastaíonn nuálaíocht agus cuimsiú uainn, agus ní mór díriú ar dhaoine, go háirithe a bhfulaingt a chosc agus a mhaolú.

Is é is aidhm don tuarascáil féintionscnaimh seo rannchuidiú láidir a thabhairt chun straitéis nuálach maidir le cabhair dhaonnúil a fhorbairt agus chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar ghéarchéimeanna toisc go bhfuil siad tromchúiseach agus ní hamháin ar mhaithe lena n-infheictheacht pholaitiúil nó a n-infheictheacht sna meáin. Tá sé tábhachtach nach ndéanfar dearmad ar ghéarchéimeanna ná nach ndéanfar daoine leochaileacha a fhágáil gan an tacaíocht atá de dhíth orthu.

Mar thuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa, dréachtaíodh í tar éis gníomhaithe ar an láthair, lucht maoinithe agus lucht ceaptha beartas a éisteacht. Baintear leas sa tuarascáil as a dtaithí, a n-eolas, a gcleachtais agus a machnamh ar na dúshláin a bhaineann leis an gclaochlú agus le cur chun feidhme nach mór dúinn dul i ngleic leo agus iad a shárú.

Mar Rapóirtéir, ghlac mé cur chuige iomlánaíoch atá bunaithe ar thrí réimse a nascadh go straitéiseach: cistiú, acmhainneacht seachadta agus forbairt athléimneachta.

Leis an gcur chuige sin, lena n-áirítear príomhshruthú inscne agus nóta speisialta maidir le daoine faoi mhíchumas, tá iarracht déanta agam aghaidh a thabhairt ar dhá shrian a mbíonn sé mar thoradh orthu go minic nach mbíonn gníomhaíocht chomh éifeachtúil, éifeachtach agus fairsing.

Cailltear i bpáirt cistiú le haghaidh bearta nach ndéantar a sheachadadh i gceart nó a bhfuil baint acu le hathléimneacht fheabhsaithe mar gheall ar phróisis eantrópachta shistéamacha ar gá iad a mhaolú. Ina theannta sin, ní féidir athléimneacht struchtúrach a chruthú gan cistiú leordhóthanach, seachadadh agus cur chun cinn próiseas comhchruthaithe i bpleananna pobalbhunaithe.

Leagtar amach i gcúig chaibidil na tuarascála na sásraí chun iarrachtaí agus beartais a chur in úsáid agus a chomhcheangal go nuálach chun an dá shrian sin a shárú. Dréachtaíodh gach caibidil trí anailís a dhéanamh ar fhaisnéis stairiúil agus staidrimh agus ar thoradh na n-éisteachtaí agus na malartuithe tuairimí a eagraíodh agus a bailíochtaíodh.

Níl aon réiteach draíochta ná gasta ann chun na heasnaimh a aithníodh a réiteach. Ní mór an bhearna atá ann maidir le cabhair dhaonnúil a líonadh trí na hacmhainní atá ar fáil a mhéadú agus tríd an bpróiseas chun conarthaí a thabhairt i gcrích a dhéanamh agus na hacmhainní sin a úsáid ar bhealach níos lúfaire agus níos solúbtha. Thairis sin, is éard atá i gceist leis feabhas a

chur ar athléimneacht daoine agus críoch agus réitigh chuibhiúla agus indéanta a fhorbairt chun dálaí as cuimse, amhail na dálaí sin arb é an t-athrú aeráide is cúis leo, rud a chruthaíonn an oiread sin dúshlán sa lá atá inniu ann.

Ní éireoidh leis an bpróiseas ach amháin le hiarracht chomhordaithe ó na gníomhaithe uile san éiceachóras cabhrach ar gach leibhéal den phróiseas, mar chuid de thimpeallacht oibre dhaonnúil atá sábháilte agus éifeachtach, agus tacaíocht á fáil ó thaidhleoireacht láidir dhaonnúil. Sa timpeallacht sin, ní mór deis a thabhairt do ghníomhaithe dul ar an láthair i ndáiríre agus teagmháil a dhéanamh le daoine a bhfuil cabhair dhaonnúil de dhíth orthu agus atá ag brath uirthi, lena áirithiú go ngníomhóidh gníomhaithe daonnúla go neodrach, go háirithe maidir le cleamhnachtaí polaitiúla nó reiligiúnacha, agus go ndéanfar taithí agus dea-chleachtais a chomhroinnt agus a scaipeadh.

Tá cabhair dhaonnúil éigeandála de dhíth ar níos mó ná 400 milliún duine chun maireachtáil agus tá an uimhir sin ag ardú as éadan. Mar sin, ní mór tús áite a thabhairt i gcónaí do fhreagairtí gearrthéarmacha. Molaim, áfach, go ndearfaí bearta ar bhealach ina ndéanfar ullmhúchán do réitigh fhadtéarmacha, go háirithe trí infheistíocht a dhéanamh san oideachas, sa tsláinte choirp agus sa mheabhairshláinte, sa tslándáil agus i ndálaí bunúsacha bonneagair a chuirfear chun feidhme i gcomhthéacs rialachais phobalbhunaithe.

Sa tuarascáil, cuirim mo thuairim in iúl nach féidir teacht ar réitigh mhaithe ach amháin le cistiú níos mó agus níos fearr, le hacmhainneacht seachadta níos mó agus le tiomantas níos mó don todhchaí.

Ní mór dúinn níos mó a dhéanamh agus níos fearr a dhéanamh, agus dearcadh iomlánaíoch a bheith againn ar dhaoine ina gcomhthéacs féin agus úsáid a bhaint as straitéisí rannpháirtíochta nuair is féidir chun gach duine a rannpháirtiú i ndearadh réiteach, cumhacht a thabhairt do dheontóirí, gníomhaithe agus tairbhithe, bonn a thógáil, dóchas a chothú agus torthaí a bhaint as.

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 24.10.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 15<br>–: 0<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Dominique Bilde, Catherine Chabaud, Antoni Comín i Oliveres, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Karsten Lucke, Eleni Stavrou, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Ilan De Basso, Marlene Mortler, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karolin Braunsberger-Reinhold |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 15 | + |
|---|---|
| NI | Antoni Comín i Oliveres |
| PPE | Karolin Braunsberger-Reinhold, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Marlene Mortler, Eleni Stavrou, Tomas Tobé |
| Renew | Barry Andrews, Catherine Chabaud |
| S&D | Ilan De Basso, Mónica Silvana González, Karsten Lucke, Carlos Zorrinho |
| The Left | Miguel Urbán Crespo |
| Verts/ALE | Pierrette Herzberger-Fofana |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ECR | Beata Kempa |
| ID | Dominique Bilde |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh